Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15934/23**

**CSDP/PSDC 795**
**CFSP/PESC 1589**
**COAFR 417**
**CONUN 296**
**ATALANTA 18**
**PSC DEC 58**
**EUMC 489**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/1457 (EUNAVFOR ATALANTA/4/2023) |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh
le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh
chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar
agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA),
agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/1457
(EUNAVFOR ATALANTA/4/2023)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA)[1], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

---

[1] IO L 301, 12.11.2008, lch. 33.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Comhpháirteach (CBES) 2008/851, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh a bhaineann le Ceannasaí Fórsa an Aontais le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATLANTA) (‘Ceannasaí Fórsa an Aontais’) a cheapadh.

(2) An 13 Iúil 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/1457[1], lena gceaptar an Seachaimiréal Fabrizio RUTTERI ina Cheannasaí Fórsa an Aontais.

(3) An 29 Meán Fómhair 2023, mhol údaráis mhíleata na Portaingéile an Ceannasóir Rogério Paulo Figueira MARTINS de BRITO a cheapadh in áit an tSeachaimiréil Fabrizio RUTTERI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ón 2 Nollaig 2023.

(4) An 6 Deireadh Fómhair 2023, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais EUNAVFOR ATALANTA leis an gceapachán molta sin.

---

1 Cinneadh (CBES) 2023/1457 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 13 Iúil 2023 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/311 (EUNAVFOR ATALANTA/2/2023) (IO L 179, 14.7.2023, lch. 114).

(5) An 13 Deireadh Fómhair 2023, chomhaontaigh Coiste Míleata an Aontais a mholadh go gceapfadh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an Ceannasóir Rogério Paulo Figueira MARTINS de BRITO mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ón 2 Nollaig 2023.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCeannasóir Rogério Paulo Figueira MARTINS de BRITO a cheapadh.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2023/1457 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Ceannasóir Rogério Paulo Figueira MARTINS de BRITO mar Cheannasaí Fórsa an Aontais le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) ón 2 Nollaig 2023.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2023/1457 a aisghairm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 2 Nollaig 2023.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*